C/2024/1772

22.3.2024

P9_TA(2023)0297

Plean bainistíochta ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 12 Meán Fómhair 2023 ar sheasamh na Comhairle ar an gcéad léamh d'fhonn go nglacfaí rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear plean bainistíochta ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1936/2001, (AE) 2017/2107, agus (AE) 2019/833, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2016/1627 (08143/1/2023 – C9-0222/2023 – 2019/0272(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an dara léamh)

(C/2024/1772)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint don seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh (08143/1/2023 – C9-0222/2023),

— ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 7 Bealtaine 2020 ([1]),

— ag féachaint dá seasamh ar an gcéad léamh ([2]) ar an togra ón gCoimisiún chuig an bParlaimint agus chuig an gComhairle (COM(2019)0619),

— ag féachaint d'Airteagal 294(7) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint don chomhaontú sealadach a d'fhormheas an coiste freagrach faoi Riail 74(4) dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint do Riail 67 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don mholadh don dara léamh ón gCoiste um Iascach (A9-0243/2023),

1. ag formheas an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh;

2. á thabhairt dá haire go nglactar an gníomh i gcomhréir le seasamh na Comhairle;

3. á threorú dá hUachtarán an gníomh a shíniú le hUachtarán na Comhairle, i gcomhréir le hAirteagal 297(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

4. á threorú dá hArd-Rúnaí an gníomh a shíniú, ach a mbeidh sé fíoraithe go bhfuil na nósanna imeachta go léir curtha i gcrích go cuí, agus, i gcomhaontú le hArd-Rúnaí na Comhairle, socrú a dhéanamh maidir lena fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

5. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

([1]) IO C 232, 14.7.2020, lch. 36.
([2]) IO C 506, 15.12.2021, lch. 160.